

WHY IRISH?

Irish Language and Literature in Academia

Brian Ó Conchubhair, EDITOR



CLÁR | CONTENTS

- 6 Nóta Buíochais | Acknowledgments
- 7 Léaráidí | Illustrations
- 11 Cad Chuige an Ghaeilge san Ollscolaíocht?
- 27 Why Irish in Academia?
Brian Ó Conchubhair
- 43 What Makes the Study of Irish Worthwhile
Calvert Watkins
- 55 Myth and Saga: 'The Wooing of Étaín'
Tomás Ó Cathasaigh
- 71 Irish as a World Language
James McCloskey
- 91 Teanga gan Teorainn: The Novels of Alan Titley
Philip O'Leary
- 131 An Ghaeilge mar Ábhar in Ollscoileanna Mheiriceá
- 167 The Irish Language in American Universities
Brian Ó Conchubhair
- 201 Cur Chun Cinn na Gaeilge ar fud na Cruinne
- 209 Promoting the Irish Language Worldwide
Éamon Ó Cuív
- 215 Nótaí Beathaisnéise | Notes on Contributors
- 219 Innéacs | Index

LÉARÁIDÍ | ILLUSTRATIONS

page	
10	Professors James McCloskey, Tomás Ó Cathasaigh and Seamus Deane
26	Professor Breandán Ó Buachalla and Mr. Michael Murphy
42	Professor Calvert Watkins
52	Ivory statuette from Istanbul Museum
54	Professor Tomás Ó Cathasaigh
70	Professor James McCloskey
90	Alan Titley: dust jackets
93	Professor Alan Titley
130	Professor Philip O'Leary
150	A group of Irish-language students outside Bond Hall, University of Notre Dame, circa. 1920
155	Éamon de Valera, <i>Notre Dame Scholastic</i>
201	Éamon Ó Cuív, T.D. ag comhrá leis an Ath. John Jenkins, C.S.C, Uachtarán Ollscoil Notre Dame
203	Éamon de Valera agus Harry Boland ar a mbealach go Notre Dame
205	Éamon de Valera ag Ollscoil Notre Dame, 1919
208	Fulbright Foreign Language Teaching Assistants

WHY IRISH?

for Thomas J. and Kathleen O'Donnell

Brian Ó Conchubhair
EDITOR

WHY IRISH?
Irish Language and Literature in Academia



Essays © individual authors, 2008

The moral rights of the authors and editor have been asserted.

Published in 2008 by
ARLEN HOUSE
an imprint of Arlen Publications Ltd
PO Box 222
Galway, Ireland
Phone/Fax: 00 353 86 8207617
Email: arlenhouse@gmail.com

Distributed in North America by
SYRACUSE UNIVERSITY PRESS
621 Skytop Road, Suite 110
Syracuse, NY 13244-5290
Phone: 315-443-5534/Fax: 315-443-5545
Email: supress@syr.edu

ISBN
978-1-903631-59-1, paperback

Cover Art | Seán Ó Flaithearta
Typesetting | Arlen House
Printing | Betaprint



Bord na
Leabhar
Gaeilge



CLÁR | CONTENTS

- 6 Nóta Buíochais | Acknowledgments
- 7 Léaráidí | Illustrations
- 11 Cad Chuige an Ghaeilge san Ollscolaíocht?
- 27 Why Irish in Academia?
Brian Ó Conchubhair
- 43 What Makes the Study of Irish Worthwhile
Calvert Watkins
- 55 Myth and Saga: 'The Wooing of Étaín'
Tomás Ó Cathasaigh
- 71 Irish as a World Language
James McCloskey
- 91 Teanga gan Teorainn: The Novels of Alan Titley
Philip O'Leary
- 131 An Ghaeilge mar Ábhar in Ollscoileanna Mheiriceá
- 167 The Irish Language in American Universities
Brian Ó Conchubhair
- 201 Cur Chun Cinn na Gaeilge ar fud na Cruinne
- 209 Promoting the Irish Language Worldwide
Éamon Ó Cuív
- 215 Nótaí Beathaisnéise | Notes on Contributors
- 219 Innéacs | Index

NÓTA BUÍOCHAIS | ACKNOWLEDGMENTS

Gabhann an t-eagarthóir buíochas leis na daoine seo a leanas a chabhraigh le heagrú na comhdhála agus le foilsiú an leabhair: Cartlann na hOllscoile/The Archives of the University of Notre Dame; Institute for Scholarship in the Liberal Arts, University of Notre Dame; Roinn Theanga agus Litríocht na Gaeilge, Ollscoil Notre Dame/Department of Irish Language and Literature, University of Notre Dame; Institiúid Mhic Eochaidh-Uí Neachtain um an Léann Éireannach/Keough-Naughton Institute for Irish Studies, University of Notre Dame.

Táthar an-bhuíoch do na daoine seo a leanas leis: Shelly Barber; Beth Bland; Clare Carroll; Seán Clancy; Jamie Cripe; Sorchá de Brúch; Seamus Deane; Erik Dix; Dave Dosmann; Hugh Fogarty; Christopher Fox; Ted Fox; Daniela Furthenova; John Gibney; Susan Guibert; Tom Hachey; James W. Hamrick; David Horn; Godard Ives; Brendan Kane; Charles Lamb; Enda Leaney; Tim Lindgren; Jean Ann Linney; Tara MacLeod; Jim McCloskey; Sarah McKibben; Peter McQuillan; Sarah McKinne; Aedín Ní Bhroithe-Clements; Máire Áine Ní Fhlatharta; Dairearca Ní Néill; Deaglán Ó Briain; Breandán Ó Buachalla; Sean O'Brien; Tomás Ó Cathasaigh; Micheál Ó Conghaile; Éamon Ó Cuív; Thomas J. agus Kathleen O'Donnell; Seán Ó Flaithearta; Peadar Ó Muircheartaigh; Caitríona Ó Torna; Robert O'Neill; Mary Ann Pride; Gretchen Reydam-Schils; Mark Roche; Charles Sheehan; Irv Sikorski; Sharon Sumpter; John Tully; Sherri J. Turbinis; Calvert Watkins; Linda Whyte.

Ag deireadh gabhaim fíorbhuíochas le Micheal agus le Kristin Murphy as an tacaíocht agus as an spreagadh a thugann siad do Roinn Theanga agus Litríocht na Gaeilge.

LÉARÁIDÍ | ILLUSTRATIONS

page	
10	Professors James McCloskey, Tomás Ó Cathasaigh and Seamus Deane
26	Professor Breandán Ó Buachalla and Mr. Michael Murphy
42	Professor Calvert Watkins
52	Ivory statuette from Istanbul Museum
54	Professor Tomás Ó Cathasaigh
70	Professor James McCloskey
90	Alan Titley: dust jackets
93	Professor Alan Titley
130	Professor Philip O'Leary
150	A group of Irish-language students outside Bond Hall, University of Notre Dame, circa. 1920
155	Éamon de Valera, <i>Notre Dame Scholastic</i>
201	Éamon Ó Cuív, T.D. ag comhrá leis an Ath. John Jenkins, C.S.C, Uachtarán Ollscoil Notre Dame
203	Éamon de Valera agus Harry Boland ar a mbealach go Notre Dame
205	Éamon de Valera ag Ollscoil Notre Dame, 1919
208	Fulbright Foreign Language Teaching Assistants

Why Irish?



Profs James McCloskey, Tomás Ó Cathasaigh and Seamus Deane

CAD CHUIGE AN GHAELGE SAN OLLSCOLAÍOCHT?

Brian Ó Conchubhair

Ollscoil Notre Dame

In aiste dá chuid sa bhliain 1937 d'fhiafraigh an scoláire Ceiltise Myles Dillon de féin cén cuspóir ba chóir a bheith ag Léann na Gaeilge. D'fhreagair sé á rá gur samhlaíodh do roinnt daoine gurb é dualgas na scoileanna cainteoirí líofa Gaeilge a dhéanamh de na daltaí agus an Ghaeilge a úsáid mar theanga teagaisc laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Dar le daoine eile gur cheart an Ghaeilge a mhúineadh ar nós gach aon ábhar eile sna scoileanna agus go mbainfeadh an mac léinn oideachas faoi leith aisti.¹ Níor samhlaíodh do leithéid Dillon go mbeadh saol domhandaithe againn riamh agus go mbeadh Éire, faoi réim an Tíogair Cheiltigh, ag cruthú 90,000 post nua in aghaidh na bliana, ag mealladh 200,000 oibrí eachtrannach, a bhformhór ó stáit aontachais nua an AE.² Ach an cheist a chuir sé, agus an tír ag teacht chuici féin tar éis ghéarchéim eacnamaíochta na 1930í, is ceist í ba chóir a chur arís. Má bhí Stát na hÉireann, a bhí ar an dé deiridh go heacnamúil, buartha an tráth sin faoi imeachtaí cultúrtha agus intleachtacha, an amhlaidh nach féidir le hÉire an Tíogair Cheiltigh am a chaitheamh ar an gceist seo? D'fhreagair Dillon a cheist féin mar seo:

If an Irish book is silly or dull or badly written, there is no use in pretending that it is not so, although one has to beware of discouraging where only encouragement is needed. In other spheres of activity standards are high, and they are likely to be higher. The standard in regard to Irish should be the highest of all.³

Laistigh de dhioscúrsa cúng oileánda agus faoi thionchar an náisiúnachais chultúrtha amháin a phléitear cás agus scéal na Gaeilge – mar theanga, mar áis chultúrtha nó mar ábhar

léinn. Ó thráth go chéile le linn na haoise seo caite, dhéantaí iarracht argóint loighciúil a tharraingt le chéile ar mhaithe leis an teanga a chaomhnú, a athnuachan agus a fhorbairt. Is annamh, áfach, sna díospóireachtaí úd a shamhlaíte an Ghaeilge mar ábhar spéise do dhaoine lasmuigh den tír. Is é atá in *Why Irish?* ná sraith aistí a dhéanann iniúchadh ar an nGaeilge mar ábhar léinn idirnáisiúnta agus is é an fócas seo a idirdhealaíonn é ó iarrachtaí eile dá shórt.⁴ Buntéis an leabhair seo ná gur fiú do scoláirí agus do mhic léinn ar fud na cruinne staidéar a dhéanamh ar theanga agus ar litríocht na Gaeilge. Tá fiúntas ag baint leis an nGaeilge thar a lárionad i gcultúr náisiúnta na hÉireann agus seachas meas a bheith ag gnáth-Éireanneach uirthi. Fiosraíonn na haistí seo fiúntas, luach agus saibhreas na Gaeilge mar ábhar léinn seachas ról na teanga sa pholaitíocht, sa tsochaí nó sa chultúr mar tuigtear gur fearr an toradh a bheidh ar anailís ghéarchúiseach seachas ar thionscnamh ollmhór.

Is tráthúil é foilsíú na n-aistí seo nuair a chuimhnítear ar a bhfuil ag titim amach in ollscoileanna, ní hamháin in Éirinn ach ar fud na cruinne, agus iad faoi thionchar, dar le Seamus Deane ag an 'current demented belief in the market as the object of our common idolatry'.⁵ Is é cás na Sean-Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath an sampla is soiléire den mheon seo i gcás na Gaeilge. Is fada meas ag pobal na hÉireann ar an gColáiste úd. Tá cáil ar fud na cruinne ar na mic léinn agus ar na scoláirí a oileadh ansin agus chualathas an t-olagón a spreag cinneadh na hOllscoile fáil réidh leis an gCathaoir sa tSean-Ghaeilge i gcéin agus i gcógar.

Tuigtear an tábhacht a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar theanga, ar litríocht agus ar chultúr i gcóras oideachais ar bith a chuireann béim ar an léann daonna. Is léir tábhacht na Gaeilge don acadamaíocht in Éirinn ach go háirithe. D'fhógair Ian G. Roberts, Ollamh le Teangeolaíocht in Ollscoil Cambridge, san *Irish Times*, mí an Mhárta 2007, an tábhacht a bhaineann leis an tSean-Ghaeilge go háirithe dóibh siúd a dteastaíonn tuiscint uathu ar stair agus ar chultúr na hÉireann.⁶ Is gné bhunúsach eiliminteach de stair agus de chultúr na tíre í a

leithéid de léann. Ní foláir scileanna áirithe – an Ghaeilge ach go háirithe – a bheith ag an té a thugann faoi staidéar léannta a dhéanamh ar Éirinn. Dar le George Huxley, Scoil na gClasaiceach, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ní hamháin go bhfuil an tSean-Ghaeilge riachtanach chun stair na hÉireann a thuiscint ach tá sí riachtanach chun féintuiscint a fháil ar ár linn féin freisin.⁷ Má theipeann ar léann na Sean-Ghaeilge, beidh impleachtaí tromchúiseacha aige do léann na staire, do léann na Laidine in Éirinn agus don fhileolaíocht chomparáideach. D'áitigh scoláirí Ceiltise i litir san *Irish Times* gurb í an tSean-Ghaeilge, i dteannta na Laidine, bunsraith na teangeolaíochta ar a dtógtar na foinsí do luathstair agus litríocht na hÉireann.⁸ Cháin Seamus Deane ar tharla maidir leis an tSean-Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath:

But this sort of decision seems to be entirely innocent of its ramifications beyond UCD; for this is a loss that will eventually have economic as well as cultural repercussions. To throw away the prestige of long-accumulated scholarly achievement in an anchor discipline like Old Irish at this moment in a general renovation, to which Old Irish will contribute and from which it will benefit – although not at UCD – is so wanton that one would prefer not to believe that it is the product of calculation.⁹

Is laistigh den ollscoil, laistigh den chomhthionól acadúil amháin is féidir an t-eolas agus na scileanna seo a chothú agus a fhorbairt. Níl sé éasca gan dabht. Ach ní haon slat tomhais é líon na mac léinn do stádas ná d'fhiúntas ábhair léinn ar bith.¹⁰ Mar a deir George Huxley, ní hionann líon na mac léinn atá i mbun ábhair agus stádas an ábhair féin. B'amhlaidh moladh David Agger, Ollamh le Teangeolaíocht in Ollscoil Londan, nuair a chomhairligh sé nárbh ionann brabús gearrthéarmach nó buntáiste áitiúil d'ollscoil amháin dá ndéanfaí dochar don chultúr ar bhonn náisiúnta nó do stádas na Gaeilge.¹¹

Tá dualgas ar ollscoileanna na hÉireann a ghlacann le maoiniú an Stáit cuspóirí, cultúr agus oidhreacht an Stáit a

chaomhnú, a chothú agus a spreagadh.¹² Tá dualgas orthu, leis, an léann daonna a fhiosrú mar aircív d'fhorbairt agus de shamhlaíocht an chine dhaonna, díreach mar atá dualgas ar scoláirí toradh a gcuid taighde a fhoilsiú agus a chur os comhair an phobail i bhfoirm shothuigthe lena spreagfar spéis an phobail. Tá dualgas ar an dá ghrúpa seo oideachas a chur ar an bpobal, taighde a chur chun cinn agus meas a chothú ar an léann. Is annamh, dar le Fintan O'Toole, a thuigeann polaiteoirí an tionchar cultúrtha a bhíonn ag cinntí lena gcúngaítear gníomhaíocht intleachtach ollscoile:

Even judging what universities do by strictly economic criteria, the current narrowing of the national mind is counter-productive. In the 21st century, companies are looking increasingly for what they call 'soft skills': analytic intelligence, the capacity to communicate, problem-solving, creativity, intellectual flexibility. The bizarre paradox is that FÁS, which is in the business of meeting the training needs of the economy, seems to know this better than our universities do. While the universities are belatedly adapting to a 1980s understanding of the nature of business, successful businesses have already moved on. They have grasped that what matters is not what you learn but how you learn. And how a student learns is ultimately dependent on the quality of the intellectual environment in a university.¹³

Tá dualgas faoi leith ar ollscoileanna na hÉireann mic léinn atá cáilithe agus oilte i dteangacha agus litríochtaí na hÉireann a sholáthar. Chun filleadh ar a ndúirt O'Toole:

Universities do need to reflect and serve the societies in which they work, but they also need to protect the intellectual ecology. If that means having a few nature preserves where hardly anyone goes and exotic scholarly beats root around in quiet obscurity, so be it.¹⁴

Ach fiú anseo agus argóint ar son na Sean-Ghaeilge á déanamh aige, tá dul amú air maidir le nádúr teanga. Tuigtear dó gur gné shochar bhuan í teanga seachas gné atá de shíor ag athrú agus ag forbairt de réir mar a fhásann agus mar a thránn cultúr, smaointeoireacht agus samhlaíocht.